Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/2078(INI)

09.01.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

Tuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta
(2024/2078(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Ana Catarina Mendes

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar thuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta
(2024/2078(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 2, 3(1), 3(3), an dara fomhír, 4(3), 5, 6, 7, 11, 19 agus 49 de,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe do na hairteagail de a bhaineann le hurraim don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta bunúsacha san Aontas, agus lena gcosaint agus lena gcur chun cinn, lena n-áirítear Airteagail 70, 258, 259, 260, 263, 265 agus 267,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt),

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 dar teideal ‘2024 Rule of Law Report – The rule of law situation in the European Union’ [Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach] (COM(2022)0800),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint[1] (an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí[2] (Rialachán na bhForálacha Coiteanna),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014[3],

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine,

– ag féachaint d’ionstraimí na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, agus do na moltaí agus na tuarascálacha ó Athbhreithniú

[1] IO L 433, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj.
[2] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj.
[3] IO L 156, 5.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/692/oj.

Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe, chomh maith le cásdlí chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus nósanna imeachta speisialta na Comhairle um Chearta an Duine,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, do Chairt Shóisialta na hEorpa, do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine , don Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta, agus do na coinbhinsiúin, na moltaí, na rúin, na tuairimí agus na tuarascálacha ón gComhthionól Parlaiminteach, ó Choiste na nAirí, ón gCoimisinéir um Chearta an Duine, ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe, ón nGrúpa Stiúrtha ar Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú, ó Choimisiún na Veinéise agus ó chomhlachtaí eile i gComhairle na hEorpa,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac,

– ag féachaint do mheabhrán tuisceana an 23 Bealtaine 2007 idir Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach agus do chonclúidí ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa 2023-2024,

– ag féachaint don togra réasúnaithe ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le riosca soiléir a chinneadh go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta (COM(2017)0835), arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7(1) CAE,

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2016 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le sásra an Aontais um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Márta 2018 maidir leis an gcinneadh ón gCoimisiún Airteagal 7(1) CAE a ghníomhachtú maidir leis an staid sa Pholainn[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Aibreán 2018 maidir leis an ngá atá le hIonstraim na Luachanna Eorpacha a bhunú chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann luachanna bunúsacha chun cinn laistigh den Aontas Eorpach ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2018 ar an togra lena n-iarrtar ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh, de bhun Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an ann do riosca soiléir go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2018 maidir le caighdeáin íosta do mhionlaigh san Aontas[8],

[4] IO C 215, 19.6.2018, lch. 162.
[5] IO C 129, 5.4.2019, lch. 13.
[6] IO C 390, 18.11.2019, lch 117.
[7] IO C 433, 23.12.2019, lch 66.
[8] IO L 363, 28.10.2020, lch. 13.

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Samhain 2018 maidir leis an ngá atá le sásra cuimsitheach an Aontais chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chosaint[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra an Aontais um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus Cearta Bunúsacha a bhunú[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Samhain 2020 maidir le tionchar bhearta COVID-19 ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Nollaig 2020 maidir le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, 'Pacáiste um Shábháilteacht do Mhionlaigh – milliún síniú ar son na héagsúlachta san Eoraip'[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir le staid an smachta reachta san Aontas Eorpach agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht (AE, Euratom) 2020/2092[13],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Meitheamh 2021 maidir le Tuarascáil 2020 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[14],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Iúil 2021 maidir le treoirlínte a chruthú chun an córas ginearálta coinníollachta a chur i bhfeidhm chun buiséad an Aontais a chosaint[15],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE[16],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Samhain 2021 maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú san Aontas: an úsáid mhíchuí a bhaintear as caingne faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 maidir le meastóireacht a dhéanamh ar bhearta coisctheacha chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid cistí AE agus náisiúnta a sheachaint i gcás cistí éigeandála agus réimsí caiteachais a bhaineann le géarchéimeanna[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 maidir leis an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta san Eoraip[19],

---

[9] IO L 363, 28.10.2020, lch. 45.
[10] IO C 395, 29.9.2021, lch. 2.
[11] IO L 415, 13.10.2021, lch. 36.
[12] IO L 445, 29.10.2021, lch. 70.
[13] IO C 67, 8.2.2022, lch. 86.
[14] IO C 81, 18.2.2022, lch 27.
[15] IO C 99, 1.3.2022, lch. 146.
[16] IO C 117, 11.3.2022, lch. 88.
[17] IO C 205, 20.5.2022, lch. 2.
[18] IO C 251, 30.6.2022, lch. 48.
[19] IO C 347, 9.9.2022, lch. 2.

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir leis an smacht reachta agus iarmhairtí an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[20],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2022 maidir le Tuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta[21],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir leis an smacht reachta agus formheas féideartha phlean téarnaimh náisiúnta na Polainne (RRF)[22],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2020 agus 2021[23],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an smacht reachta i Málta, cúig bliana tar éis fheallmharú Daphne Caruana Galizia[24],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2022 maidir le coireanna fuatha i gcoinne daoine LGBTIQ+ atá ag dul i méid ar fud na hEorpa i bhfianaise an dúnmharaithe homafóbaigh a tharla le déanaí sa tSlóvaic[25],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Samhain 2022 maidir le ceartas cinioch, neamh-idirdhealú agus frithchiníochas san Aontas[26],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Samhain 2022 maidir leis an measúnú ar chomhlíonadh choinníollacha an smachta reachta ag an Ungáirfaoin Rialachán maidir le Coinníollacht agus ar staid na himeartha maidir le RRP na hUngáire[27],

– ag féachaint do rún uaithi an 30 Márta 2023 maidir le Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – staid an smachta reachta san Aontas Eorpach[28],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Feabhra 2024 maidir le ‘Tuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta’[29],

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Meitheamh 2023 maidir le sáruithe ar an Smacht Reachta agus ar chearta bunúsacha san Ungáir agus cistí reoite AE[30],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 15 Meitheamh 2023 chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tar éis an imscrúdaithe ar líomhaintí maidir le sárú nó le drochriarachán i bhfeidhmiú dhlí an Aontais i ndáil le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha[31],

---

[20] IO C 347, 9.9.2022, lch. 168.
[21] IO C 479, 16.12.2022, lch. 18.
[22] IO C 493, 27.12.2022, lch. 108.
[23] IO C 125, 5.4.2023, lch. 80.
[24] IO C 149, 28.4.2023, lch. 15.
[25] IO C 149, 28.4.2023, lch. 22.
[26] IO C 161, 5.5.2023, lch. 10.
[27] IO C 167, 11.5.2023, lch. 74.
[28] IO C 341, 27.9.2023, lch. 2.
[29] IO C, C/2024/6743, 26.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6743/oj.
[30] IO C, C/2023/1223, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1223/oj.
[31] IO C, C/2024/494, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/494/oj.

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Iúil 2023 maidir leis an dlí toghcháin, an coiste imscrúdaitheach agus an smacht reachta sa Pholainn[32],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an smacht reachta i Málta: sé bliana tar éis fheallmharú Daphne Caruana Galizia agus an gá le hiriseoirí a chosaint[33],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach – tuarascáil bhliantúil 2022 agus 2023[34],

– ag féachaint do Rún 2262 (2019) an 24 Eanáir 2019 ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa maidir le cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a chur chun cinn,

– ag féachaint do mholtaí agus do thuarascálacha ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, ón Ard-Choimisinéir um Mionlaigh Náisiúnta, ón Ionadaí maidir le Saoirse na Meán agus ó chomhlachtaí eile de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), ón gcomhar idir an tAontas agus ESCE maidir le daonlathú, forbairt institiúidí agus cearta an duine agus don tuarascáil bhliantúil ó ESCE maidir leis an bhfuathchoireacht, ina bhfuil gealltanas tugtha ag na stáit rannpháirteacha reachtaíocht a rith lena bhforáiltear do phionóis lena gcuirtear tromchúis na fuathchoireachta san áireamh, do bheart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thearcthuairisciú agus do ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a thabhairt isteach nó a fhorbairt tuilleadh le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí, oifigigh ionchúisimh agus bhreithiúnacha chun coireanna fuatha a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh,

– ag féachaint dá tuarascáil ó Choiste Fiosrúcháin PEGA agus do mholadh uaithi an 15 Meitheamh 2023 chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tar éis imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe agus ar dhrochriarachán líomhnaithe i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais i ndáil le húsáid Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha[35],

– ag féachaint do na tuarascálacha aiseolais, na tuarascálacha misin, na ceisteanna agus na freagraí i scríbhinn óna Grúpa Faireacháin um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha (DRFMG)[36],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

---

[32] IO C, C/2024/3995, 17.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3995/oj.
[33] IO C, C/2024/2656, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2656/oj.
[34] IO C, C/2024/5739, 17.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5739/oj.
[35] IO C, C/2024/494, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/494/oj.
[36] Maidir le gníomhaíochtaí uile faireacháin DRFMG, féach: https://www.europarl.europa.eu/committees/en/libe-democracy-rule-of-law-and-fundament/product-details/20190103CDT02662.

A. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus na hurraime do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar comhluachanna iad ag na Ballstáit;

Ceartas agus éilliú

1. á chur i bhfios go láidir gur prionsabal bunúsach den smacht reachta é ceartas cothrom agus inrochtana lena n-éilítear breithiúnacht neamhspleách; á athdhearbhú go bhfuil rochtain ar an gceartas bunriachtanach do shaoránaigh chun cearta a fheidhmiú, chun dúshlán a thabhairt don idirdhealú agus chun cinnteoirí a thabhairt chun cuntais;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshláin struchtúracha aimsithe ag an gCoimisiún maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht na mbreithiúna i roinnt Ballstát[37]; á chur i bhfáth go bhfuil gá le ceapacháin thrédhearcacha atá bunaithe ar fhiúntas do phoist bhreithiúnacha ardleibhéil, gan cur isteach polaitiúil;

3. á iarraidh ar na Ballstáit breithiúnais atá ar feitheamh a chur chun feidhme go pras agus ag tathant ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhaineann le comhlíonadh dhlí AE agus nósanna imeachta um shárú a thionscnamh más gá;

4. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach[38] chun bearnaí dlíthiúla a dhúnadh, lena n-áirithítear gur féidir le híospartaigh rochtain a fháil ar cheartas agus tacaíocht a fháil;

5. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún an chaibidlíocht maidir le ballraíocht AE i nGrúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO) a thabhairt chun críche go pras agus á éileamh go gcumhdófar institiúidí AE sa tuarascáil bhliantúil maidir le cearta an duine;

6. ag cur sonrú sa treocht atá ag roinnt Ballstát maidir le moill a chur ar bhreithiúnais CBAE nó gan iad a chur chun feidhme agus á iarraidh go dtabharfaí tosaíocht do chur chun feidhme na mbreithiúnas sin;

7. á iarraidh ar na Ballstáit trédhearcacht agus cuntasacht in institiúidí poiblí a fheabhsú trí chreataí frithéillithe a neartú, lena n-áiritheofar go mbunófar comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha, lena gcothófar cosaint do sceithirí, lena bhfeabhsófar creataí sláine agus brústocaireacht ar son reachtaíochta; á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn ábhartha atá déanta maidir le dul i ngleic le héilliú ardleibhéil i roinnt Ballstát;

Iolrachas agus saoirse na meán

[37] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 dar teideal ‘Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta’ (COM(2024)0800), Iarscríbhinn ina bhfuil moltaí, lgh. 1, 9, 11, 19 agus 24.

[38] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj).

8. á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh amhail an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA)[39] agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go pras é; á iarraidh ar na Ballstáit feabhas a chur ar thrédhearcacht i leithdháileadh fógraíochta stáit; á iarraidh ar an gCoimisiún an cúnamh is gá a chur ar fáil do na Ballstáit chun EMFA a thrasuí;

9. á iarraidh ar na Ballstáit an Treoir frith-SLAPP[40] (cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail) agus Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ar imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach (‘Cúiseanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail’)[41]a chur chun feidhme go hiomlán, agus bearta cuimsitheacha náisiúnta frith-SLAPP a ghlacadh chun iriseoirí a chosaint agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil rioscaí ag bagairt orthu;

10. ag tathant ar na Ballstáit saoirse agus iolrachas na meán a chosaint, comhchruinniú úinéireacht na meán a chosc agus an bhréagaisnéis a chomhrac, go háirithe trí dhlíthe láidre agus rialtóirí neamhspleácha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht dhaonlathach ag baint le craolachán poiblí neamhspleách, cobhsaí agus gur gá cistiú na meán seirbhíse poiblí a áirithiú;

11. ag cáineadh rialú stáit agus cur isteach polaitiúil ar oibríochtaí na meán go láidir agus á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos mó chun sábháilteacht agus cosaint iriseoirí a áirithiú;

Eagraíochtaí na sochaí sibhialta

12. ag aontú le measúnú an Choimisiúin go bhfuil eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) agus cosantóirí chearta an duine bunriachtanach do chothromaíocht na cumhachta;

13. á chur in iúl gur cúis bhuartha di treocht mhéadaitheach ESSanna agus cosantóirí chearta an duine a bhfuil srianta dlíthiúla breise, easpa cistithe agus ionsaithe rompu; á iarraidh go mbeadh creat cumasúcháin agus tacaíochta ann don tsochaí shibhialta agus á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé an Treoir Frith-SLAPP agus Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún a ghlacadh chun ESSanna a chosaint; á mheas gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit cistiú a leathnú do ESSanna;

Comhionannas agus neamh-idirdhealú faoin dlí

14. á mheabhrú nach mór cóir dhlíthiúil chomhionann a chumhdach i gcreataí dlíthiúla na mBallstát agus comhionannas agus ceart daoine aonair nach ndéantar idirdhealú ina n-

---

[39] Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj).

[40] Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (‘Imeachtaí sibhialta straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail’) (IO L 2024/1069, 16.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1069/oj).

[41] IO L 138, 17.5.2022, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2022/758/oj.

aghaidh in imeachtaí breithiúnacha a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú i gcásanna nach gcomhlíontar na prionsabail sin; á aithint nár cheart go gcuirfeadh cleachtais idirdhealaitheacha bac ar shaorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bunús dlí AE sa réimse sin a leathnú agus togra a chur ar aghaidh maidir leis an bhfuathchoireacht agus leis an bhfuathchaint; á iarraidh ar an gComhairle Treoir 2008/140 a ghlacadh[42];

16. á iarraidh go ndéanfaí cosaint dhlíthiúil na mban, go gcuirfí foréigean inscnebhunaithe isteach mar choir faoi dhlí AE, go ndéanfaí togra AE maidir le dlíthe um éigniú atá bunaithe ar thoiliú agus rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte, dlíthiúil a chumhdach sa Chairt;

17. á chur i bhfios go láidir nach mór do gach saoránach, gan beann ar a náisiúntacht, a n-áit bhreithe nó a rialtacht teachta sna Ballstáit, a bheith comhionann os comhair an dlí agus ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát chun dul i ngleic tuilleadh le hidirdhealú bunaithe ar náisiúntacht; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-urramóidh na Ballstáit an smacht reachta ina bpleananna náisiúnta agus an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann á chur chun feidhme acu;

18. á iarraidh go leanfaí de ghníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne an idirdhealaithe agus na gcoireanna lena ndírítear ar ghrúpaí mionlaigh agus ar mhionlaigh náisiúnta, eitneacha, teanga agus reiligiúnacha; ag tathant ar an gCoimisiún colún a chur le tuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne gach cineál idirdhealaithe a neartú;

An margadh aonair agus an smacht reachta

19. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an smacht reachta chun feidhmiú an mhargaidh aonair a áirithiú agus á athdhearbhú go bhfuil córais bhreithiúnacha, creataí éifeachtacha frithéillithe agus cosaint shaoirse na meán ríthábhachtach d'iomaíocht chóir, do dheimhneacht dhlíthiúil agus do mhuinín i measc oibreoirí eacnamaíocha[43];

Uirlisí Fréamhacha agus an ghné eacnamaíoch

20. á iarraidh ar an gCoimisiún nasc díreach a fhorbairt tuilleadh idir ionstraimí coisctheacha agus frithghníomhacha agus nósanna imeachta um shárú a sheoladh trí Airteagal 7 CAE, an sásra coinníollachta ginearálta agus coinníollacha cumasúcháin cothrománacha sa Chairt a chur i bhfeidhm;

21. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le sásra cuimsitheach coinníollachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar an smacht reachta ar fud dhlí an Aontais, thar a ghné bhuiséadach; ag tathant ar an gCoimisiún togra a thíolacadh lena leathnófar raon feidhme an tsásra sin;

---

[42] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, COM(2008)04 an 2 Iúil 2008.

[43] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 dar teideal 'Tuarascáil 2024 ar an Smacht Reachta' (COM(2024)0800), lch. 5.

22. á iarraidh go dtabharfaí isteach coinníollacht chliste lena gceadófaí do chistí AE dul timpeall ar rialtais náisiúnta a bhaineann an bonn ón smacht reachta agus a dháileadh go díreach ar bhardais, ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar ghníomhaithe eile a sheasann le luachanna AE;

Srianta agus ceartúcháin

23. á iarraidh ar na Ballstáit staonadh ó úsáid iomarcach a bhaint as nósanna imeachta brostaithe, ós rud é go mbíonn tionchar diúltach acu sin ar cháilíocht na reachtóireachta agus an daonlathais; á iarraidh ar na Ballstáit próisis reachtóireachta thrédhearcacha a chur ar bun tar éis dul i gcomhairle go córasach le geallsealbhóirí éagsúla;

24. á iarraidh ar na Ballstáit neamhspleáchas na gcomhlachtaí maoirseachta náisiúnta a neartú chun acmhainní agus saoirse ó chur isteach polaitiúil a áirithiú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an tsochaí shibhialta agus CCDanna maidir le cuntasacht a chur chun cinn agus cearta bunúsacha a chosaint; á chur in iúl gur saoth léi srianta ar ghníomhaíocht na sochaí sibhialta;

25. á chur in iúl gur cúis bhuartha di trasnaíocht eachtrach sna Ballstáit, lena n-áirítear cúbláil ar na meáin shóisialta agus bréagaisnéis; ag cur sonrú i dtionscnaimh dho-ghlactha Elon Musk chun ardáin na meán sóisialta a úsáid chun tuairimí an phobail i mBallstáit éagsúla a chúbláil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh air sin agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[44] agus an Gníomh um Margaí Digiteacha[45]a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear mar fhreagairt ar an gcinneadh a rinne Meta le déanaí maidir le sásraí seiceála fíricí;

Moltaí

26. ag spreagadh an Choimisiúin teanga níos soiléire a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; á iarraidh go ndíreofaí níos mó ar mholtaí tírshonracha a chur chun feidhme, le sásraí leantacha agus tagarmharcanna intomhaiste; á mholadh go mbeadh sásra cuimsitheach faireacháin ann maidir leis an smacht reachta a mbeadh institiúidí uile an Aontais, na Ballstáit agus na tíortha is iarrthóirí rannpháirteach ann chun aonfhoirmeacht a chothú; á mholadh go gcruthófaí buanghrúpa chun faireachán a dhéanamh ar sháruithe ar chearta an duine ag na Ballstáit;

27. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá córais bhreithiúnacha neamhspleácha agus rochtain ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce chun rochtain chomhionann ar cheartas a áirithiú; á athdhearbhú go bhfuil acmhainní leormhaithe, lena n-áirítear bonneagar agus pearsanra, ríthábhachtach chun córais cheartais a fheabhsú;

---

[44] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

[45] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha), (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

28. á iarraidh ar an gCoimisiún an chaibidlíocht maidir le ballraíocht AE in GRECO a thabhairt chun críche mar gharsprioc chun an t-éilliú a chomhrac;

29. á iarraidh ar na Ballstáit saoirse, neamhspleáchas agus iolrachas na meán a áirithiú agus an bhréagaisnéis a chomhrac; ag tathant go gcuirfí GESM chun feidhme go pras;

30. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag an tsochaí shibhialta agus ag comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí Thuarascáil maidir leis an smacht reachta agus tacú leis an gcur chun feidhme sin; á iarraidh go mbeadh creat struchtúrtha idirphlé shibhialta ann chun rannchuidiú na sochaí sibhialta a chomhtháthú sa timthriall bliantúil an smachta reachta, mar a mhol Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)[46] aguslíonraí na sochaí sibhialta[47]; á athdhearbhú a thábhachtaí atá comhairliúchán leathan agus an tuarascáil á dréachtú;

31. á chur i bhfáth gur cearta bunúsacha iad comhthionól síochánta agus saoirse comhlachais agus cainte a chosnaítear leis an dlí idirnáisiúnta agus go bhfuil siad bunriachtanach don daonlathas agus do chuntasacht rialtais; ag cáineadh an bhrú mhéadaithe ar na cearta sin agus ag tabhairt dá haire go bhfuil claonadh ann iad a shrianadh; á iarraidh ar na Ballstáit imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar úsáid iomarcach fornirt agus ar láimhseáil idirdhealaitheach ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí;

32. á mheas gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit feabhas a chur ar shásraí cistiúcháin do ESSanna agus do thionscnaimh lena neartaítear na breithiúna agus lena gcaomhnaítear neamhspleáchas na cúirte; á mholadh go ndréachtódh an Coimisiún straitéis chun an tsochaí shibhialta agus cosantóirí chearta an duine a chosaint;

33. ag tathant ar an gCoimisiún colún nua a thabhairt isteach i dtuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta lena ndíreofar ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac;

34. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún uirlisí frithghníomhacha a chomhtháthú tuilleadh sa tuarascáil ar an smacht reachta, amhail nósanna imeachta Airteagal 7 CAE, an sásra coinníollachta ginearálta agus nósanna imeachta um shárú[48];

35. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé garspriocanna an smachta reachta a leabú in ionstraimí cistiúcháin amhail RRF; á chur in iúl gur saoth léi scaoileadh chistí AE chuig an Ungáir in ainneoin easnaimh i gcreataí neamhspleáchais bhreithiúnaigh agus frithéillithe na tíre sin; á mholadh go gcuirfí eisíocaíochtaí ar fionraí go dtí go gcomhlíonfar tagarmharcanna uile na Liotuáine;

36. á chreidiúint gur cheart idirphlé agus comhar idirinstitiúideach ar leibhéal AE maidir leis an smacht reachta a neartú; á iarraidh go mbunófaí idirphlé buan idirinstitiúideach

---

[46] Tuairim ó CESE an 14 Feabhra 2024 dar teideal ‘An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas Eorpach a neartú: conair chun tosaigh’.

[47] Sochaí Shibhialta na hEorpa, ‘Joint Civil Society Contribution on Civic Space to the 2024 Annual Rule of Law Report’ [Rannchuidiú Comhpháirteach na Sochaí Sibhialta maidir le Spás Sibhialta le Tuarascáil Bhliantúil 2024 maidir leis an Smacht Reachta], Meitheamh 2024.

[48] Coiste Heilsincí na hUngáire, Disregard for EU values:Neamhaird ar luachanna an Aontais: a snapshot of RoL issues in Hungary in light of the Article 7 procedure [Neamhaird ar luachanna an Aontais: léargas ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta san Ungáir i bhfianaise nós imeachta Airteagal 7], an 12 Samhain 2024.

maidir leis an smacht reachta ina mbeadh, i measc nithe eile, an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún rannpháirteach; á iarraidh ar an gComhairle a hidirphlé maidir le cearta an duine a dhéanamh níos cuimsithí trí chuireadh a thabhairt d'institiúidí eile, amhail Coimisiún na Veinéise, an Coimisinéir um Chearta an Duine agus ionadaithe na Parlaiminte, chuig a seisiúin;

37. á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit faireachán ar thrasnaíocht eachtrach, go háirithe úsáid na meán sóisialta chun críoch cúblála agus mailíseacha, lena n-áirítear an úsáid a bhaineann daoine aonair amhail Elon Musk aisti chun tionchar a imirt ar thuairimí an phobail agus chun bréagaisnéis a scaipeadh san Eoraip; á chur i bhfios go láidir nach mór don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear an smacht reachta chun feidhme go cuí laistigh d'institiúidí AE agus á iarraidh go n-áireofaí institiúidí AE ina mheastóireacht bhliantúil ar an smacht reachta;

38. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún an Albáin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia a áireamh ina thuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta agus ag moladh go ndéanfaí dlúthmheastóireacht ar an smacht reachta sna tíortha aontachais sin;

°

° °

39. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.